Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0425(COD)**
**2022/0424(COD)**

**15720/22**
**ADD 3**

**IXIM 293**
**ENFOPOL 638**
**FRONT 461**
**AVIATION 318**
**DATAPROTECT 362**
**JAI 1677**
**COMIX 615**
**CODEC 2011**
**IA 222**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 423 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis na doiciméid Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 423 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 423 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.12.2022
SWD(2022) 423 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis na doiciméid*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818**

{COM(2022) 729 final} - {SEC(2022) 444 final} - {SWD(2022) 421 final} - {SWD(2022) 422 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá méadú feicthe ar an líon daoine a thaistealaíonn d'aer le fiche nó tríocha bliain anuas, agus thaifead an tAontas Eorpach thart ar 1 bhilliún paisinéir (in 2019), as ar tháinig leath billiún de na paisinéirí aeir sin isteach san Aontas nó amach as. Cuireann sé sin brú ar na teorainneacha seachtracha aeir. Sa chomhthéacs sin, tá an Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) ina huirlis éifeachtach chun údaráis teorann a chur ar an eolas roimh ré faoi mhéid agus faoi aiteantas na dtaistealaithe aeir, lena n-éascaítear réamhsheiceálacha sula sroicheann siad an teorainn sheachtrach. Ta **dhá phríomhcheist** ann, áfach, lena gcruthaítear bearnaí agus neamhréireachtaí sa dóigh a bpróiseálann na Ballstáit sonraí API chun críocha bainistiú teorann agus chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.<br>• Ar an gcéad dul síos, éilítear le bainistiú éifeachtach teorann go ndéanfaí réamhsheiceáil go héifeachtach agus go córasach ar **gach taistealaí aeir a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha Schengen le sonraí API**. Mar sin féin, ní iarrann gach Ballstát ar aeriompróirí sonraí API a tharchur. Ina theannta sin, i gcás na mBallstát sin a bhfuil córas API bunaithe acu, breathnaíodh i meastóireacht 2020 ar an Treoir API nach mbaineann na Ballstáit úsáid leordhóthanach as an bhféidearthacht sonraí API a phróiseáil le haghaidh bainistiú treistithe teorainneacha. Ina theannta sin, éilítear le húsáid éifeachtach sonraí API bailiú sonraí iontaofa agus fíoraithe, agus ní é sin an cás corruair sa lá atá inniu ann. Go deimhin, ní fhorordaítear le Treoir API na modhanna chun sonraí API a bhailiú ó phaisinéirí, rud a bhféadfadh tarchur sonraí neamhiomlána nó míchearta chuig údaráis náisiúnta a bheith mar thoradh air. Nuair a chuirtear iad sin le chéile, agus mar gheall ar an tsolúbthacht a fhoráiltear le ceanglais na Treorach API, tá difríocht mhór idir na dóigheanna a bhfuil an Treoir API á cur chun feidhme ag na Ballstáit. Mar thoradh air sin, ní dhéantar gach aerphaisinéir a thrasnaíonn teorainn sheachtrach Schengen a réamhsheiceáil le sonraí API.<br>• Ar an dara dul síos, **is uirlis éifeachtach é próiseáil chomhpháirteach sonraí API agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR)** d'údaráis forfheidhmithe dlí chun sceimhlitheoirí agus coirpigh eile a dhéanann coireanna tromchúiseacha a bhrath. Tá coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ina chuspóir sonrach le próiseáil sonraí AP, ach ní bheidh sé éifeachtach ach má dhéantar na sonraí a phróiseáil in éineacht leis an bhfaisnéis áirithinte a chuimsítear sna sonraí PNR. Leis na heasnaimh i bpróiseáil sonraí API a shainaithnítear thuas baintear an bonn d'úsáid na sonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Thairis sin, ós rud é nach n-éascaítear faoin gcreat reatha AE próiseáil chomhpháirteach a dhéanamh ar shonraí API agus sonraí PNR ach ar eitiltí a thagann isteach san Aontas nó a imíonn as, tá bearna slándála thábhachtach ann maidir le próiseáil sonraí aerphaisinéirí ag údaráis na mBallstát ar eitiltí laistigh den Aontas agus ar eitiltí intíre. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, iarradh i Straitéis an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2021 i dtreo **limistéar Schengen a bheidh lánfheidhmiúil agus athléimneach** go méadófaí an úsáid as sonraí API i gcomhcheangal le sonraí PNR le haghaidh eitiltí laistigh de limistéar Schengen chun feabhas suntasach a chur ar an tslándáil inmheánach, i gcomhréir leis an gceart bunúsach maidir le **sonraí pearsanta a chosaint** agus leis an gceart bunúsach maidir le **saoirse gluaiseachta**[1]. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is aidhm leis an tionscnamh seo **bainistiú teorainneacha seachtracha Schengen** a fheabhsú trína áirithiú go ndéanfar réamhsheiceáil le sonraí API ar gach duine a bheidh ag taisteal ar eitiltí a théann isteach i limistéar Schengen nó a fhágann é, sula sroichfidh siad teorainn sheachtrach Schengen. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo freisin **slándáil inmheánach AE a fheabhsú** trína áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát ar shonraí iontaofa aerphaisinéirí chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac ar bhealach éifeachtach. Chun na cuspóirí ginearálta sin a bhaint amach, leagtar amach trí chuspóir shonracha sa tionscnamh:<br>• **Réamhsheiceáil le sonraí API ag teorainneacha seachtracha Schengen** a áirithiú: Trí shonraí API a bhailiú cuirtear ar chumas na n-údarás náisiúnta sonraí paisinéirí a chros-sheiceáil go córasach i gcoinne na faisnéise a chuimsítear i mbunachair shonraí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, agus é sin a dhéanamh sula sroicheann paisinéir pointe trasnaithe na teorann. Le sonraí API cuirfear am breise ar fáil do ghardaí teorann chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus cuideoidh siad leo a gcuid oibre a eagrú ar bhealach níos fearr.<br>• **Sreabhadh taistealaithe bona fide ag teorainneacha seachtracha Schengen a éascú**: Éascaítear le sonraí API imréiteach paisinéirí íseal-riosca. Cuidíonn ullmhú níos fearr do rialú paisinéirí ar leith trí hiad |

[1] COM(2021) 277 final (2.6.2021).

a aithint trí shonraí API sula dtiocfaidh siad le seiceálacha teorann a luathú toisc gur féidir paisinéirí a dteastaíonn seiceálacha tánaisteacha a dhéanamh orthu a scaradh gan bheith ar na paisinéirí eile dul i scuaine ag bheith ag fanacht.

- An **choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtach le comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR**: Sainaithneofar le sonraí API arna mbailiú trí mhodhanna uathoibrithe go hiontaofa na paisinéirí sin a bhfuil suim ar leith ag údaráis inniúla a dhéanann imscrúdú ar choireacht thromchúiseach agus ar sceimhlitheoireacht iontu. Chun go bhféadfar sonraí API agus sonraí PNR a chomhphróiseáil, ba cheart gach taifead PNR a gheobhaidh na húdaráis inniúla a chomhlánú le sonraí iomlána agus cearta API, agus an ceart bunúsach maidir le cosaint sonraí pearsanta agus an ceart bunúsach maidir le saoirse gluaiseachta á n-urramú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Eascraíonn cleachtais neamhréireacha agus éagsúla as Treoir API, mar a thaispeántar i meastóireacht 2020 ar an Treoir, lena n-éilítear tuilleadh gníomhaíochta sa réimse sin chun éifeachtacht agus comhsheasmhacht a áirithiú in úsáid sonraí API le haghaidh réamhsheiceálacha ag teorainneacha seachtracha Schengen. Le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais chuirfí critéir ar fáil ar fud an Aontais freisin chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ionas go bhfeabhsófar éifeachtacht phróiseáil sonraí PNR chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac san Aontas.
Le critéir níos soiléire maidir le sonraí API a bhailiú, áiritheofar glacadh agus comhlíonadh níos fearr ag an tionscal aeir, agus soláthrófar éifeachtúlachtaí, go háirithe le tabhairt isteach na hoibleagáide maidir le sonraí API a tharchur chuig pointe iontrála amháin (comhéadan iompróra agus ródaire API) in ionad údaráis náisiúnta iomadúla, mar atá sa lá atá inniu ann. D'iarr na húdaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara eile a ndeachthas i gcomhairle leo in ullmhú an mheasúnaithe tionchair sin go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir API chun comhsheasmhacht agus soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha ab fhearr ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Breithníodh roinnt roghanna beartais reachtacha, agus ní thabharfaí aghaidh ar bhealach éifeachtach ar na fadhbanna aitheanta le roghanna neamhreachtacha. I ndiaidh réamhroghnú, cuireadh roinnt roghanna i leataobh go tapa. Is féidir na roghanna beartais a ndearnadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair a ghrúpáil i dtrí shraith roghanna, mar atá:

(1) **Roghanna maidir le raon feidhme bhailiú na sonraí API maidir le bainistiú theorainneacha seachtracha Schengen**, le dhá rogha bheartais charnacha:
- <u>rogha Beartais 1.1</u>: sonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt isteach lasmuigh de limistéar Schengen;
- rogha <u>beartais 1.2</u>. sonraí API a bhiliú maidir le gach eitilt isteach agus amach lasmuigh de limistéar Schengen.

(2) **Roghanna maidir le raon feidhme um bailiú sonraí API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí** chun comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR a éascú, le dhá rogha beartais charnacha:
- <u>rogha Beartais 2.1</u>: sonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt isteach agus amach lasmuigh den Aontas;
- <u>rogha Beartais 2.2</u>: sonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt lasmuigh den Aontas (isteach agus amach), maidir le heitiltí laistigh den Aontas agus eitiltí intíre a mbailítear sonraí PNR ina leith.

(3) **Roghanna maidir le cáilíocht agus gabháil sonraí API** mar ghné chothrománach. Bheadh feidhm aige sin maidir le bailiú sonraí API ar aon eitilt is infheidhme agus chun críche ar bith, agus ar an dóigh sin, bheadh tionchar aige ar bhailiú sonraí API maidir le bainistiú theorainneacha seachtracha Schengen agus chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Tá dhá rogha beartais mhalartacha ann:
- <u>rogha Beartais 3.1</u>: sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibrithe nó de láimh;
- <u>rogha Beartais 3.2</u>: Bailiú sonraí API trí mhodhanna uathoibrithe amháin.

Comhcheanglaítear sna **<u>roghanna beartais ab fhearr</u>** bailiú sonraí API maidir le heitiltí isteach lasmuigh de limistéar Schengen le haghaidh bhainistiú teorainneacha seachtracha Schengen (rogha beartais 1.1), maidir le heitiltí lasmuigh den Aontas, maidir le heitiltí roghnaithe laistigh den Aontas agus le heitiltí intíre ina mbailítear sonraí PNR chun críocha fhorfheidhmiú an dlí (rogha beartais 2.2). Áirítear leis na roghanna beartais ab fhearr freisin an oibleagáid ar aeriompróirí tacar sonraí iomlán API a tharchur trí úsáid a bhaint as modhanna uathoibrithe amháin (rogha beartais 3.2) maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha Schengen agus chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

**Cé atá i bhfách le cén rogha?**

| |
|---|
| Chuathas i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara chun an measúnú tionchair a ullmhú, lena n-áirítear údaráis náisiúnta sna Ballstáit, Gníomhaireachtaí AE, eagraíochtaí sochaí sibhialta, chomh maith le hionadaithe ón earnáil phríobháideach agus ó Eagraíochtaí Idirnáisiúnta. I measc na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin bhí suirbhéanna, agallaimh agus ceardlanna leis na príomhpháirtithe leasmhara. Tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo leis an rogha beartais ab fhearr |
| **C. Tionchar na rogha ab fhearr** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann dóibh, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| **Le hionstraim API le haghaidh bainistiú teorainneacha seachtracha** chuirfí feabhas ar chumas na mBallstát sonraí API a úsáid chun réamhsheiceáil éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar thaistealaithe aeir sula dtiocfaidh siad chuig teorainneacha seachtracha Schengen. Dá ndéanfaí na ceanglais maidir le bailiú agus aistriú sonraí API a chaighdeánú, mhéadófaí comhlíonadh thionscal na n-aerlínte mar go mbeadh na ceanglais chéanna ó gach Ballstát os a chomhair. Dá mbeadh sonraí API níos iontaofa agus fíoraithe mar a bhailítear trí mhodhanna uathoibrithe, d'fhéadfaí taistealaithe ardriosca a shainaithint agus áiritheofaí éascú níos tapúla ar sheiceálacha ag teorainneacha seachtracha agus imréiteach paisinéirí ar shroicheadh áite dóibh.<br>**Le hionstraim API ar leith chun críocha fhorfheidhmiú an dlí,** rialófaí bailiú sonraí API ar gach eitilt isteach san Aontas Eorpagh agus amach as, agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas Eorpach agus eitiltí intíre a mbailítear sonraí PNR ina leith. Le comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR threiseofaí stóinseacht na Treorach PNR sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta. Bhainfeadh údaráis inniúla náisiúnta (Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí) tairbhe as sonraí API ar chaighdeán níos airde agus as sonraí API fíoraithe chun imscrúdú a dhéanamh ar choireanna tromchúiseacha agus ar sceimhlitheoireacht agus chun déantóirí na gcoireanna tromchúiseacha sin a shainaithint. |
| **Cad iad costais na rogha ab fhearr (más ann di; murab ann di, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Theastódh infheistíochtaí d'údaráis náisiúnta agus d'aeriompróirí chun an rogha beartais ba fhearr a dhéanamh. Bhraithfeadh costais na **hionstraime API chun críocha bainistiú teorainneacha seachtracha** <u>d'údaráis na mBallstát</u> ar mhéid tíre agus ar líon foriomlán na n-eitiltí isteach. Bheadh gá le córais náisiúnta API a mhodhnú chun sreafaí sonraí breise nár bailíodh roimhe seo a fháil agus a phróiseáil. Meastar gurb ionann suim na gcostas agus **EUR 13.5 milliún** ar an meán ar an iomlán. I <u>gcás aeriompróirí,</u> is é na costais ar tharchur na sonraí API a bheadh sa phríomhghné costais. Dá mbeadh oibleagáid ann sonraí API a tharchur go córasach ar gach eitilt isteach mhéadófaí líon na sonraí a tharchuirfí agus dá bhrí sin bheadh costais bhreise tarchuir i gceist. Leis an tionscnamh sin, áfach, ní tharchuirfí sonraí API ach chuig pointe amháin, is é sin an comhéadan iompróra a bhfuil ródaire API ag gabháil leis, lena ndéanfaí laghdú suntasach ar na costais tarchuir. Meastar gurb ionann iad sin agus glanchoigilteas **EUR 2.53 milliún** in aghaidh na bliana. Bheadh ar aerlínte nach n-úsáideann modhanna uathoibrithe ina bpróisis don tseiceáil isteach infheistiú nó modhnuithe a dhéanamh ar a gcórais chun sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibrithe, agus mbeadh go mbeadh costas aonuaire de **EUR 50 milliún** ag baint leis sin.<br>Chomh maith leis sin, bheadh an **ionstraim API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí** ina méadú ar líon na bpaisinéirí faoina dtarchuirfeadh aerlínte sonraí chuig údaráis, agus na costais sin á maolú toisc nach ndéanfaí na sonraí a tharchur ach uair amháin chuig an gcomhéadan iompróra agus ródaire API ag gabháil leo. Meastar gurb ionann na costais sin agus **EUR 75 milliún** i gcostais aonuaire agus **EUR 16.13 milliú** i gcostais athfhillteacha ar shonraí API a tharchur ar eitiltí laistigh den Aontas agus ar chostais athfhillteacha **EUR 4.21 milliún** ar eitiltí amach. Níltear ag súil le costais ar bith do na Ballstáit mar go bhfreastalóidh cumais reatha ar phróiseáil sonraí API breise. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Níltear ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag na bearta atá beartaithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Meastar gurb ionann suim na gcostas infheistíochta ar an leibhéal náisiúnta agus **EUR 13.5 milliún** ar an meán. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Baineann na roghanna beartais ab fhearr go léir le próiseáil sonraí pearsanta. Dá réir sin, tá tionchar ag na roghanna beartais sin ar chearta bunúsacha, go háirithe ar na cearta maidir le sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt AE um Chearta Bunúsacha) agus an ceart chun saoil phríobháidigh agus teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt). Trí shonraí API maidir le heitiltí roghnaithe laistigh den Aontas agus le heitiltí intíre a bhailiú, d'fhéadfaí feidhmiú na saorghluaiseachta a dhíspreagadh mar a ráthaítear in Airteagal 45 den Chairt. |

Chun comhlíonadh iomlán na gceart bunúsach a áirithiú, déantar foráil sa mheasúnú tionchair do bhreithniú cuimsitheach ar chearta bunúsacha le linn a anailíse agus sainaithnítear ann roinnt cosaintí éifeachtacha a theastaíonn. Go sonrach, ní bheadh bailiú sonraí API ar eitiltí laistigh den Aontas agus ar eitiltí intíre chun críocha fhorfheidhmiú an dlí córasach agus bheadh sé teoranta do na heitiltí a mbailítear sonraí PNR ina leith. Maidir le bailiú na sonraí API chuirfí na ceanglais agus na cosaintí atá leagtha síos le rialú na Cúirte Breithiúnais sa chás *Ligue des humains* i bhfeidhm. Leis na roghanna beartais ab fhearr, bhainfí amach cuspóir leasa ghinearálta - bainistiú éifeachtach teorainneacha seachtracha Schengen agus an comhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta – agus bheadh siad teoranta don mhéid is gá amháin agus comhréireach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

## D. Obair leantach

### Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Áiritheodh an Coimisiún go mbeidh na socruithe is gá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart a mholtar agus chun iad a mheas i gcomparáid leis na príomhchuspóirí beartais.

I ndiaidh oibríochtaí na n-ionstraimí nua API a thosú, chuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaí measúnú ar chur chun feidhme na n-ionstraimí agus ar a mbreisluach. Bheadh tuairisc sa tuarascáil freisin ar aon tionchar díreach nó indíreach ar chearta bunúsacha. Dhéanfaí scrúdú ann ar na torthaí a baineadh amach i bhfianaise na gcuspóirí agus dhéanfaí measúnú ar a bhailí agus atá an bhunréasúnacht agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo.

Chun é sin a dhéanamh, chuirfeadh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le cur chun feidhme an dá ionstraim. Ina theannta sin, thacódh tarchur na sonraí API chuig an gcomhéadan iomprόra agus a ndáileadh ar údaráis náisiúnta inniúla trí ródaire API leis an gCoimisiún ina chúraimí meastóireachta agus forfheidhmithe trí staidreamh iontaofa a chur ar fáil don Choimisiún maidir le líon na sonraí arna dtarchur agus maidir leis na heitiltí a n-iarrfaí sonraí API ina leith.